

Bord Stiúrtha Ghlór na nGael
19 Iúil 2019,
13.00

Láthair an chruinnithe - Stiúideo Raidió Fáilte, Béal Feirste

Achoimire ar Miontuairiscí

I láthair: an tUas Pat Carey, (Cathaoirleach), An tUas Damien Ó Néill, An tAthair Tadhg Furlong, an Dr Máire Ní Annracháin

Ag freastal: Lorcán Mac Gabhann (Ceannasaí), Eoghan Mac Cormaic (Miontuairiscí), Franc Mac Cionnaith (Bainisteoir Rannóg Pobail)

1. Ceadú an Chláir

Ceadaíodh clár an chruinnithe.

2. Leithscéalta

An tAthair Séamas Ó hÉanaigh, an Dr Máire Ní Chíosáin

3. Coimhlint leasa nó dilseachta

D'iarr an Cathaoirleach ar bhaill an Bhoird a léiriú aon chomhlintí leasa ná dilseachta a bhí acu ar aon mhír ar an chlár.

Ní raibh aon choimhlint le nótáil

4. Miontuairiscí 29 Marta 2019

Pléadh na miontuairiscí.

Glacadh leis na miontuairiscí ar mholadh an Dr Máire Uí Annracháin agus Damien Ó Néill

Corparáideach

5. Ráiteas caiteachais agus ioncaim Eanáir - 30 Aibreán 2019

Roinneadh an scarbhileog caiteachais agus ioncam don tréimhse Eanáir - 30 Meitheamh 2019.

6. Tuairisc an CII

Tugadh tuairisc ar chruinniú an Choiste Iniúcháireachta Inmheánaí, 11 Iúil 2019.

7. Athdháileadh caiteachais.

Thuairiscigh an Ceannasaí go raibh moltaí athdháileadh buiséad tugtha do Fhoras na Gaeilge agus gur ceadaíodh athdháileadh é.

Ardaíodh ceist faoin mhéad airgid a infheistítear sa CLG tríd FSMhicD i gcomhthéasc an easpa chothromaíochta inscne san eagraíocht. Míníodh go bhfuil fáilte roimh chlubanna atá cláraithe le Cumann Peil na mBan agus leis an gCumann Camógaíochta a bheith páirteach san Fhondúireacht.

Rinneadh cinneadh plé a dhéanamh ar cheist na hinscne ag cruinniú eile de chuid an Bhoird.

8. Clár measúnaithe rioscaí.

Ní raibh aon leasaithe molta don Chlár Riosca.

9. Páinéal daoine atá ar fáil do choistí Ghlór na nGael

Thuairiscigh an Ceannasaí go bhfuarthas 16 iarratais ó dhaoine le réimse leathan taithí agus sainspéise.

D'aontaigh an Bord fo-choiste a ghairm le scagadh a dhéanamh ar na hiarratais agus iad a mheáitseáil le rólanna ar choistí an eagrais.

Faomhadh beirt, láithreach, mar Chomhaltaí Cuideachta agus mar Stiúrthóirí nua don Bhord:

Niamh de Búrca, mar ionadaí don réimse Fiontraíochta, agus gnó Colm Mag Uiginn mar ionadaí don réimse pobal.

10 Moladh faoin Bhronnadh

Pleadh caipéis mholta an Cheannasaí maidir le cuireadh a thabhairt do choistí fheidhmiú mar óstach do Bhronnadh Náisiúnta na nDuaiséanna.

Aontaíodh roinnt leasaithe beaga ar an litir tairisceana ó thaobh sóiléireachta.

Glacadh leis an moladh an Bronnadh ar chur amach ar thairiscint do choistí do na blianta 2020, 2021 agus 2022

11 - 15 Tuairiscí na rannóga oibre

Nótáladh tuairiscí cothrom le dáta ar an Réimse Pobail, ar FSMhicD, ar chomórtas gradam gnó nua atá á fhorbairt, ar an obair a bhain le urraí nua a aimsiú don chomórtas agus ar an obair reatha teaghlaigh.

19. Aon ghnó eile

a. Moladh ar Shuirbhé úsáid na Gaeilge i measc teaghlach.

Pléadh iarratas ón gCeannasaí go dtabharfaí cead dó suas le €6,000 a chaitheamh ar chostas suirbhé a thabharfadh eolais dúinn ar líon agus ar láthar teaghlaigh atá ag tógáil clainne le Gaeilge, lasmuigh den Ghaeltacht.

Céad Chruinniú eile

27 Meán Fómhair, 2019, 15.00 i.n. Ráth Chairn, Co na Mí.